

Slándáil ar Líne

Déan do chéannacht, d'fhaisnéis phearsanta agus do theaghlach a chosaint.

coinnigh slán é • coinnigh simplí é • makeITsecure.org

Nóta Fáilte ón Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

Tá áthas orm fáilte a chur romhaibh chuig ár dtríú feachtas náisiúnta chun feasacht ar shlándáil ríomhaireachta a ardú: **makeITsecure** 2008.

Toisc gurb é seo an chéad uair a sheachadtar an feachtas ar bhonn uile-Éireann, ba bhreá liom fáilte a chur roimh Rt. Hon. Peter Robinson MLA freisin, agus buíochas a ghabháil leis as oibriú linn chun Tuaisceart Éireann a chuimsiú i bhfeachtas na bliana seo.

I dteannta sin, ba bhreá liom buíochas a ghabháil lenár n-urraitheoirí as a rannpháirtíocht leanúnach inár bhfeachtas náisiúnta agus fáilte ó chroí a chur roimh na páirtithe nua 3 agus O_2.

Is í aidhm an fheachtais ná a chinntiú go mbíonn eispéireas dearfach ag úsáideoirí ríomhairí, leathanbhanda agus an Idirlín trí fhaisnéis bhunúsach a sholáthar faoi na saincheisteanna a d'fhéadfadh dul i gcion ar na húsáideoirí sin.

Tabhair cuairt, le do thoil, ar **www.makeITsecure.org** le haghaidh tuilleadh faisnéise.

Bain an tairbhe is mó as an am a chaitheann tú ar an Idirlíon trí scimeáil chiallmhar a dhéanamh

Anois tá an tIdirlíon ina chuid lárnach dár ngnó agus dár saol teaghlaigh.

Tá an tsiopadóireacht agus an bhaincéireacht níos éasca mar gheall air agus, chomh maith leis sin, le cabhair an Idirlín is féidir linn teacht ar fhaisnéis ciclipéide agus í a roinnt go héasca. Is pobal mór é an gréasán freisin ina mbuaileann úsáideoirí le chéile, ina roinneann siad faisnéis, agus ina ndéanann siad cumarsáid gach uile lá.

Cé go bhfuil sé éasca dul ag scimeáil agus idirbhearta a thabhairt chun críche ar líne, agus cé go mbaineann buntáistí móra leis, ní mór a bheith ar an eolas faoi rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Tá sé tábhachtach freisin do ríomhaire a chosaint agus bheith cúramach faoi shonraí pearsanta a sholáthar ar líne.

Dearadh an bróisiúr seo agus láithreán gréasáin **makeITsecure** chun cabhrú le daoine agus teaghlaigh iad féin a chosaint agus an tIdirlíon á úsáid acu.

Aithníonn sé roinnt de na rioscaí coitianta a bhaineann le scimeáil agus idirbhearta a thabhairt chun críche ar an Idirlíon, agus tugann sé réitigh ar na rioscaí sin, chur cur ar chumas gach duine úsáid níos dearfaí agus níos sláine a bhaint as an Idirlíon.

coinnigh slán é • coinnigh simplí é • makeITsecure.org



Iascaireacht

Céard é 'iascaireacht'?

Is coirpigh iad **iascairí** a ligeann orthu gur eagraíochtaí dlisteanacha iad mar chleas chun do shonraí pearsanta a fháil uait.

Tarlaíonn Iascaireacht nuair a ligeann coirpigh ('iascairí') orthu gur eagraíochtaí dlisteanacha iad, cosúil le bainc agus cuideachtaí cárta creidmheasa, mar chleas chun sonraí pearsanta cosúil le huimhreacha cuntais bhainc nó uimhreacha PIN a fháil uait.

De ghnáth, seolann iascairí ríomhphost chugat ina n-iarrtar ort faisnéis phearsanta a 'fhíorú' nó a 'athsholáthar' trí ríomhphost a sheoladh ar ais.

D'fhéadfaidís iarraidh ort foirm a chomhlánú ar líne, agus uaireanta, tairgeann siad rud éigin mealltach, cosúil le hairgead nó laethanta saoire, mar bhuíochas as comhlánú na foirme.

Bí ar d'airdeall maidir le haon duine a éilíonn sonraí do chuntas bainc, uimhreacha cártaí creidmheasa, pasfhocail, uimhreacha PIN, uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS) nó uimhir Árachais Náisiúnta.

Féadann iascairí an fhaisnéis seo a úsáid chun tú a phearsanú agus airgead a aistarraingt as do chuntas banc gan údarás, nó an fhaisnéis a úsáid chun íoc as earraí ceannaithe ar líne. Féadann siad an fhaisnéis luachmhar sin a dhíol le tríú páirtithe fiú.

Conas a bheidh a fhios agam an ndearnadh 'iascaireacht' orm?

Bíodh muinín agat as do chuid instinní. Má tá cuma amhrasach ar ríomhphost, déan é a scriosadh láithreach, nó má thairgeann sé rud éigin atá ró-mhaith le bheith fíor, is dóchúil nach bhfuil sé fíor. Má tá an chuma air go dtagann sé ó do bhanc nó ó do chuideachta cárta creidmheasa, cuir roinn seirbhísí do chustaiméirí na heagraíochta sin ar an eolas láithreach.

Is iad seo a leanas roinnt de na frásaí a d'fhéadfadh a bheith i ríomhphost iascaireachta:

'Déan do chuntas a fhíorú/Verify your account'.

'Tabhair freagra laistigh de 48 uair nó dúnfar do chuntas/Respond within 48 hours or your account will be closed'.

'A chustaiméir luachmhar/Dear valued customer'.

'Cliceáil ar an nasc thíos chun rochtain a fháil ar do chuntas/Click the link below to gain access to your account'.

Conas is féidir liom calaois iascaireachta a sheachaint?

Bíodh muinín agat as do chuid instinní. Ná déan dearmad, ní iarrfaidh aon chuideachta creidiúnach ort riamh sonraí pearsanta a sholáthar ar ríomhphost.

Ná soláthair sonraí pearsanta ar ríomhphost, ar fhacs nó mar fhreagra ar fhógra míre aníos nó seoladh láithreán gréasáin nach raibh tú ag tnúth leis.

Déan do ráitis chárta creidmheasa agus do ráitis bhainc a sheiceáil le haghaidh neamhrialtachtaí i gcónaí.

Bain úsáid as bogearraí frithvíreas agus frithspiaireachta atá cothrom le dáta chun cosc a chur ar bhogearraí nach bhfuil ag teastáil uait agus ar bhogearraí mailíseacha. Féadann scagaire iascaireachta tú a chosaint ó chalaois gréasáin trí rabhadh a thabhairt faoi láithreáin ghréasáin iascaireachta aitheanta nó trí chosc a chur ort dul ann.

Is fógraí ar líne iad **fógraí míreanna aníos** a thagann aníos i bhfuinneog brabhsálaí nua.

Cad le déanamh má cheapann tú go ndearnadh iascaireacht ort?

Má tá tú in amhras go ndearnadh iascaireacht ort, cuir an cuideachta ábhartha a bhfuil pearsanú á dhéanamh air ar an eolas láithreach trí mheán modh cumarsáide eile cosúil le líne talún, guthán soghluaiste nó ríomhaire eile. Ansin, déan teagmháil le stáisiún áitiúil na nGardaí nó i dTuaisceart Éireann, le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart na hÉireann (PSNI) ag 0845 600 8000.

Faigh tuilleadh faisnéise ar www.makeITsecure.org/phishing

Líonrú Sóisialta

Céard é líonrú sóisialta?

Le cabhair ó láithreáin ghréasáin líonraithe shóisialta, cruthaítear pobail d'úsáideoirí Idirlín agus tugtar tacaíocht dóibh.

Tá na mílte úsáideoirí Idirlín ó gach aoisghrúpa ar shuímh cosúil le Bebo, Facebook agus Nimble agus cuireann siad ar chumas na mball cumarsáid a dhéanamh le cairde, agus más maith leo, le strainséirí, ar líne. Ag brath ar an láithreán gréasáin i gceist, bíonn suimeanna agus caithimh aimsire éagsúla i gcoitinn ag na baill, agus féadann siad an suíomh a úsáid chun labhairt le chéile, teachtaireachtaí agus ríomhphost a sheoladh, grianghraif agus físeáin a uaslódáil agus a íoslódáil, blagáil agus faisnéis a roinnt agus a phlé.

Is suíomh líonraithe shóisialta é **Bebo** a bhfuil an-cháil air in Éirinn, agus tá formhór na mball idir aoiseanna 13-24. Ní mór duit bheith 13 nó os a chionn chun cuntas a oscailt.

Is suíomh líonraithe shóisialta é **Facebook** a bhfuil éileamh mór ar i measc an mhargaidh 25+ ach is féidir cuntas a fháil air ó aois 13 ar aghaidh.

Is suíomh líonraithe shóisialta Éireannach é **Nimble**.

Conas a oibríonn sé?

Nuair a chruthaíonn tú próifíl ar láithreán gréasáin líonraithe shóisialta, de ghnáth, déanann tú roinnt sonraí bunúsacha fút a uaslódáil, mar shampla, ainm úsáideora do phróifíle, cad as duit, agus an ceol agus na saghsanna caitheamh aimsire a thaitníonn leat. Ansin is féidir leat cinneadh a dhéanamh do phróifíl a dhéanamh príobháideach nó poiblí. Mar sin, má mharcálann tú go bhfuil do phróifíl 'príobháideach', níor chóir go mbeadh aon duine in ann rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta ach amháin má thugann tú do chead agus má chuireann tú ar liosta do chairde iad.

Cad iad na rioscaí?

Mar gheall ar an gcineál suímh i gceist, ní mór méid áirithe faisnéise pearsanta a sholáthar ar shuímh líonraithe shóisialta. Nuair a shocraíonn úsáideoirí cé mhéad faisnéis phearsanta ar chóir í a sholáthar, seans nach mbíonn siad chomh cúramach agus a bheidís dá mbuailfidís le duine i bpearsain. Mar shampla, ná tabhair amach do sheoladh baile ná d'uimhir ghutháin agus marcáil do phróifíl 'príobháideach' i gcónaí chun a chinntiú go mbeidh a fhios agat i gcónaí cé leis nó léi a bhfuil cumarsáid á déanamh agat.

D'eascair an téarma **Blag** as loga gréasáin nó 'weblog' as Béarla. Féadann blag a bheith mar leabhar cuntas nó dialann phearsanta, fóram do dhíospóireacht pholaitiúil, asraon do nuacht a thagann chun cinn nó bailiúchán de naisc. Ar bhealach simplí, is láithreán gréasáin é blag ar a scríobhann tú agus ar a gcuireann tú faisnéis ar líne ar bhonn leanúnach.

Conas is féidir liom cosaint a thabhairt dom féin?

Bí cúramach faoi mhéid na faisnéise pearsanta a chuireann tú ar líne. Ná déan dearmad gur acmhainn phoiblí í an tIdirlíon. Ná cuir faisnéis ar an Idirlíon mura mbeifeá sásta dá bhfeicfeadh gach aon duine an fhaisnéis sin, agus cuir cosc ar ghoid céannachta trí shrian a chur le méid na faisnéise a chuireann tú ar line.

Conas is féidir liom mo leanbh a chosaint?



Féadann líonrú sóisialta bheith ina ábhar spraoi agus oideachais má tá do leanaí cúramach faoi na sonraí pearsanta a nochtann siad ar líne.

Abair leo gan gach rud a léann siad a chreideamh mar uaireanta insíonn daoine bréaga faoina gcéannacht.

Cuir comhairle orthu gan bualadh le haon duine ar bhuail siad leis nó léi ar líne gan duine fásta iontaofa a bheith ann.

Seans nach leor é rabhadh a thabhairt dóibh faoi bhualadh le strainséirí, mar b'fhéidir nach mbeidh siad den tuairim go bhfuil an duine ar labhair siad leis nó léi ar líne ina strainséir.

Déan iarracht foghlaim faoin teicneolaíocht a úsáideann siad chun gur féidir libh labhairt faoin Idirlíon le chéile. Agus ná déan dearmad, tá an tIdirlíon ar fáil go forleathan ar ghutháin shoghluaiste anois, le cois a bheith ar fáil sa bhaile.

Bíodh a fhios agat faoi na suímh ar thug do leanbh cuairt orthu agus an bhfuil siad oiriúnach nó nach bhfuil.

Anois tá rialuithe do thuismitheoirí ar fhormhór na mbrabhsálaithe Idirlín agus is féidir leat iad a úsáid chun srian a chur le rochtain do linbh ar an Idirlíon. Is fearr dul i dtaithí ar na rialuithe sin agus iad a chur i bhfeidhm mar is gá.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, tabhairt cuairt ar www.makeITsecure.org/socialnetworking



Goid Céannachta

Céard í goid céannachta?

Tarlaíonn goid céannachta nuair a dhéanann coirpeach pearsanú ort trí d'fhaisnéis phearsanta a ghoid chun airgead a aistarraingt as do chuntas nó chun íoc as earraí ar líne. Féadann siad airgead a dhéanamh freisin trí do shonraí a dhíol le tríú páirtí.

Conas a aithneoidh mé é?

Ar an drochuair, faoin am a dtabharfaidh tú faoi deara é, seans maith go mbeidh tú i d'íospartach cheana féin. Is iad seo a leanas roinnt comharthaí:

- Diúltú d'iarratais ar chreidmheas nó iasacht.
- Gníomhaireachtaí bailiúcháin ag dul i dteagmháil leat faoi fhiacha thar téarma nár thabhaigh tú riamh.
- D'fhéadfá faisnéis a fháil faoi árasán nach raibh ar cíos agat riamh, post nach raibh agat riamh nó teach nár cheannaigh tú riamh.

Céard a dhéanfaidh mé má táim i m'íospartach de ghoid céannachta?

Cuir glaoch ar an nGarda Síochána nó ar an PSNI láithreach agus déan an ghoid céannachta a thuairisciú.

Cuir an banc nó institiúid airgeadais ábhartha a bhfuil cuntais agat leis nó a ndéileálann tú leis ar an eolas ar an nguthán agus i scríbhinn.

Cuir an eagraíocht nó láithreán gréasáin ábhartha ar tharla goid céannachta air ar an eolas i scríbhinn.

Cealaigh aon chártaí nó dún aon chuntas atá a fhios agat nó a chreideann tú gur cuireadh isteach orthu.

Conas is féidir liom goid céannachta a sheachaint?

Bí cúramach nuair a sholáthraíonn tú sonraí pearsanta ar an Idirlíon.

Má cheannaíonn tú earraí ar líne, déan cinnte go bhfuil do nasc Idirlín slán. Ba chóir go mbeadh deilbhín de ghlas fraincín dúnta ar an mbarra stádais agus ba chóir do na carachtair ar an mbarra seoltaí tosú le https:// in ionad http://

Seiceáil go léiríonn cuideachtaí beartas príobháideachta agus slándála soiléir.

Bain úsáid as pasfhocal tréan agus ná roinn le haon duine é. Is ionann an pasfhocal idéalach agus meascán randamach d'uimhreacha agus de litreacha agus de phoncaíocht – 8 gcarachtar i bhfad ar a laghad.

Cruthaigh seoladh ríomhphoist speisialta don tsiopadóireacht agus do ghrúpaí nuachta. Má chaithfidh tú an seoladh seo a athrú, níl sé chomh deacair agus a bheadh sé dá mbeadh ort an seoladh príomhúil a úsáideann tú le haghaidh comhfhreagrais a athrú.

Faigh tuilleadh faisnéise ar www.makeITsecure.org/identitytheft

Faightear http:// agus https:// ag tús seoladh láithreán gréasáin. Nuair atá sonraí cárta creidmheasa á soláthar agat ar an Idirlíon, léireoidh suíomh slán https:// ag tús a sheolta.

Do Rochtain ar an Idirlíon a Choinneáil Slán

Cé nach bhfuil sé go hiomlán slán riamh rochtain a fháil ar an Idirlíon, tá roinnt bearta simplí is féidir leat a dhéanamh chun do ríomhaire nó gaireas a chosaint agus chun aon riosca maidir le d'fhaisnéis nó sonraí a laghdú.

Bain úsáid as bogearraí frithvíreas agus frithspiaireachta atá cothrom le dáta i gcónaí

Is bogearraí beaga iad vírus ríomhaireachta a nascann iad féin le híorchláir cosúil le próiseálaithe focal nó feidhmchláir ríomhphoist. Ní hamháin go bhféadann siad dochar a dhéanamh trí do shonraí a chóipeáil nó a ghoid, ach féadann siad iad féin a atáirgeadh agus úsáideoirí eile a ionsaí.

Is bogearraí iad **bogearraí Spiaireachta** a bhailíonn faisnéis fút agus a tharchuireann í trí mheán do naisc Idirlín i ngan fhios duit.

Is feidhmchláir bheaga iad bogearraí spiaireachta ar féidir leo a bheith íoslódáilte chuig do chóras i ngan fhios duit. Is féidir leo d'fhaisnéis phearsanta a bhailiú agus na sonraí sin a sheoladh ar ais chuig scríbhneoir na mbogearraí trí mheán an Idirlín.

Go hiondúil, tugtar bogearraí mailíseacha nó 'malware' ar bhogearraí spiaireachta agus víris ríomhaireachta.

Is ionann **bogearraí frithvíreas** agus bogearraí a shuiteálann tú ar do ríomhaire a dhéanann na comhaid agus cláir uile a scanadh le haghaidh víreas agus a bhaineann aon víris díobh.

Faigheann bogearraí frithvíreas agus bogearraí frithspiaireachta bogearraí mailíseacha agus baineann siad de do chóras iad. Toisc go mbíonn víris agus bogearraí spiaireachta ag forbairt i gcónaí, tá sé ríthábhachtach bogearraí frithvíreas agus frithspiaireachta cothrom le dáta a úsáid i gcónaí. Tá ar chumas na bhfeidhmchlár frithvíreas agus frithspiaireachta uile iad féin a thabhairt cothrom le dáta trí mheán an Idirlín.

Glac le nuashonruithe slándála d'fheidhmchláir iontaofa i gcónaí

Bíonn a lán clár ar siúl ar do ríomhaire nó gaireas, lena n-áirítear an córas oibriúcháin. Feidhmíonn an córas seo mar ardán d'fheidhmchláir cosúil le próiseálaithe focal, cluichí nó brabhsálaithe Idirlín.

Is iad **Córais Oibriúcháin** na bogearraí bunúsacha ar a ritheann cláir ríomhaireachta. Mar shampla, is córais oibriúcháin iad Microsoft® Windows, Linux agus Mac OS.

Toisc go mbíonn bogearraí mailíseacha ag forbairt agus ag cruthú bagairtí nua i gcónaí, bíonn cruthaitheoirí na bhfeidhmchlár ag cruthú nuashonruithe slándála i gcónaí chun cosc a chur ar ionfhabhtú.

Mar sin, tá sé riachtanach nuashonruithe slándála dlisteanacha a sholáthraíonn na cuideachtaí a chruthaigh na bogearraí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbíonn do chóras cothrom le dáta.



Bain úsáid as balla dóiteáin Idirlín i gcónaí

Feidhmíonn balla dóiteáin Idirlín mar dhoirseoir fíorúil. Déanann sé sonraí a thagann ón Idirlíon chuig do ríomhaire a scagadh go leanúnach, agus ní ligeann sé ach do shonraí a cheadaigh tú dul isteach agus amach as do chóras. Beidh balla dóiteáin i bhformhór na gcóras oibriúcháin nó pacáistí bogearraí slándála nua-aimseartha. Déan cinnte go bhfuil do bhalla dóiteáin ar siúl i gcónaí nuair atá tú ag rochtain an Idirlín.

Is ionann **ballaí dóiteáin** agus gairis nó cláir deartha chun cosc a chur ar rochtain neamhúdaraithe ar do ríomhaire fad agus atá sí nasctha leis an Idirlíon.

Leideanna Is Tábhachtaí

Bain úsáid as bogearraí frithvíreas atá cothrom le dáta, balla dóiteáin agus bogearraí frithspaireachta.

Ná oscail ceangaltáin ríomhphoist má tá tú in amhras fúthu.

Roghnaigh 'Sea' chun na nuashonruithe slándála oifigiúla is déanaí a shuiteáil chun do ríomhaire a chosaint ó víris agus ó iascairí.

Ná roinn do phasfhocal le haon duine

Déan cinnte go bhfuil do nasc Idirlín slán nuair atá sonraí pearsanta á soláthar agat – bí ag faire amach do dheilbhín an ghlais fraincín.

Déan cóipeanna cúltaca de do chomhaid agus déan iad a stóráil in áit shábháilte.

Ná soláthair sonraí baincéireachta pearsanta agus cártaí creidmheasa thar ríomhphost.

Marcáil do phróifíl mar phróifíl phríobháideach ar shuímh líonraithe shóisialta.

Ná tabhair cead do do leanaí bualadh le duine ar bhuail siad leis nó léi ar líne gan tú féin nó duine fásta iontaofa eile a thabhairt leo. Ní ionann gach duine agus an cur síos a thug siad fúthu féin ar líne – insíonn daoine bréaga go minic.

Abair le do leanaí a bheith cúramach nuair atá siad ag bualadh le cairde nua ar líne – má bhraitheann rud éigin 'mícheart', abair leo labhairt leat nó le duine fásta eile a bhfuil muinín acu as nó aisti.

coinnigh slán é • coinnigh simplí é • makeITsecure.org

Department of Finance and Personnel
www.dfpni.gov.uk

Department of Communications, Energy and Natural Resources
Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

INTERREG IVA
Project part financed by the European Union

Microsoft® symantec. 3 ibf IRISH BANKING FEDERATION

BT eircom O2 vodafone IAB

nce National Centre for Technology in Education

RTÉ

Séanadh: Níl in ábhar na leathanach seo ach treoir faisnéise amháin. Tá mar aidhm acu feasacht a ardú i ndail le saincheisteanna slándála ríomhaireachta bunúsacha. Cé go ndéantar gach iarracht agus ábhar á ullmhú le haghaidh foilsithe, ní ghlacann an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an Roinn Airgeadais agus Pearsanra (TÉ), 3, Microsoft, Symantec, Irish Banking Federation, BT Ireland, Vodafone, O_2 Ireland, an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas, Internet Advisory Board (IAB), RTÉ, eircom, aon fhreagracht ná aon dliteanas as aon bhotúin, easnaimh nó ráitis mhíthreoracha ar na leathanaigh seo nó ar aon láithreán gréasáin ar a bhfuil faisnéis cosúil leis an bhfaisnéis sa leabhrán seo nó ar aon naisc ó láithreán gréasáin dá leithéid, ná ní ghlactar aon fhreagracht ná aon dliteanas thar a gcinn. Cé go ndéantar gach iarracht iontaofacht na suíomh liostaithe a chinntiú, ní féidir glacadh leis sin mar fhormhuiniú ar na suímh seo. Tá an leabhrán seo foilsithe ar pháipéar athchúrsáilte.